Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6253/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0027(CNS)**

**JUSTCIV 21**
**AL 2**
**JAIEX 8**
**JAI 134**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Feabhra 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 64 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le húdarú atá dírithe ar an bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair dlí teaghlaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 64 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 64 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.2.2023
COM(2023) 64 final

2023/0027 (CNS)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le húdarú atá dírithe ar an bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair dlí teaghlaigh**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá iarmhairtí ag forbairt leanúnach acquis an Aontais maidir le saincheisteanna a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus tráchtála ar an bplean idirnáisiúnta freisin, agus tagann cuid mhór de na saincheisteanna sin faoi inniúlacht eachtrach eisiach an Aontais anois, mar a dhearbhaítear le dlí-eolaíocht leanúnach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Go deimhin, d'fhéadfadh gealltanais idirnáisiúnta difear a dhéanamh do rialacha an Aontais nó iad a athrú i gcás ina mbaineann na gealltanais sin le réimse a chumhdaítear den chuid is mó cheana féin ag na rialacha sin[1]. Sa chomhthéacs sin, tá caibidlíocht chomhaontuithe déthaobhacha na mBallstát le tríú tíortha teoranta do na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an sásra speisialta dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 662/2009[2], le Rialachán 664/2009 ón gComhairle[3] agus le hAirteagal 351 CFAE.

Trí bhíthin *note verbale* dar dáta an 26 Iúil 2016, chuaigh Ambasáid na hAilgéire sa Fhrainc i dteagmháil leis an bhFrainc agus mhol sí go gcuirfí tús le caibidlíocht le haghaidh comhaontú déthaobhach nua maidir le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála. Ba é an aidhm a bhí ann nuachóiriú agus comhdhlúthú a dhéanamh in aon ionstraim amháin ar na trí ionstraim comhair bhreithiúnaigh atá ann cheana idir an Fhrainc agus an Ailgéir a tugadh i gcrích in 1962, 1964 agus 1980.

I litir dar dáta an 8 Nollaig 2016, chuaigh an Fhrainc i dteagmháil leis an gCoimisiún agus d'iarr sí údarú chun comhaontú déthaobhach leis an Ailgéir in ábhair shibhialta agus tráchtála a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích. Dúradh freisin nár cinneadh go fóill cúrsaí teaghlaigh a áireamh sa chomhaontú. Cuireadh dréacht-chomhaontú ar fáil, lena n-áirítear *inter alia* forálacha maidir le doiciméid a sheirbheáil, fianaise a ghlacadh, cinntí a aithint agus a fhorfheidhmiú, agus cúnamh dlíthiúil. D'aithin an Fhrainc go dtiocfadh ar a laghad roinnt forálacha den dréacht-chomhaontú faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais.

Mhínigh an Fhrainc nach raibh na seanionstraimí atá i bhfeidhm in ann aghaidh a thabhairt ar bhealach éifeachtúil ar an dlúthchomhar déthaobhach idir an Fhrainc agus an Ailgéir a thuilleadh agus go raibh gá ginearálta lena bhforálacha a ailíniú le caighdeáin an Aontais maidir leis na hábhair chéanna. Mar shampla, níorbh fhéidir doiciméid a sheirbheáil tríd an bpost cláraithe nó trí mheán leictreonach. I gcomhthéacs fianaise a ghlacadh, níor ceadaíodh nasc físe a úsáid.

Mar sin féin, agus na naisc eisceachtúla eacnamaíocha, chultúrtha, stairiúla, shóisialta agus pholaitiúla idir an Fhrainc agus an Ailgéir á n-aithint aige, dúirt an Coimisiún go bhfuil an tAontas ag brath go ginearálta ar an gcreat iltaobhach atá ann cheana, ina chomhar

---

1 Mar shampla, Tuairim 1/13 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, mír 73.

2 Rialachán (CE) Uimh. 662/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear nós imeachta maidir le comhaontuithe idir Ballstáit agus tríú tíortha a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích ar ábhair áirithe a bhaineann leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha agus neamhchonarthacha, *IO L 200, 31.7.2009, lgh. 25–30*

3 Rialachán (CE) Uimh. 664/2009 ón gComhairle an 7 Iúil 2009 lena mbunaítear nós imeachta maidir le comhaontuithe idir Ballstáit agus tríú tíortha a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích a bhaineann le dlínse, aithint agus forfheidhmiú breithiúnas agus cinntí in ábhair a bhaineann le cúrsaí pósta, freagrachtaí tuismitheoirí agus oibleagáidí cothabhála, agus an dlí is infheidhme in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála**,** *IO L 200, 31.7.2009, lgh. 46–51*

breithiúnach le tríú Stáit, mar shampla an creat a chruthaigh Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach (HccH). Áirithítear leis sin go mbeidh feidhm ag an gcreat dlíthiúil céanna maidir le líon mór Stát a bhfuil cúlraí dlíthiúla éagsúla acu agus go bhfuil buntáistí suntasacha ag baint leis. Dá bhrí sin, cuireann an tAontas chun cinn aontachas a Stát comhpháirtíochta – go háirithe tíortha na Meánmhara, mar shampla, an Ailgéir - do na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha i réimse an cheartais shibhialta, ar dhréachtaigh HccH a lán díobh.

Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, sa chomhthéacs sin, maidir le húdarú a thabhairt do Bhallstáit comhaontuithe déthaobhacha a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le tríú tíortha i réimse an cheartais shibhialta atá lasmuigh de raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 662/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 664/2009 ón gComhairle, nach mbeadh údarú den sórt sin i gcomhréir le beartas an Aontais sa réimse sin.

Tar éis malartú litreacha eile, níor cuireadh an tsaincheist in iúl don Choimisiún a thuilleadh, go dtí mí na Samhna 2019. Pléadh an fhadhb atá fós gan réiteach roinnt uaireanta, ar an leibhéal polaitiúil agus teicniúil araon. Le linn na gcruinnithe sin, shoiléirigh an Fhrainc go meastar forálacha an dréacht-chomhaontaithe a bheith curtha i bhfeidhm freisin in ábhair dlí teaghlaigh, d'ainneoin nach ann do thagairt shainráite dóibh sa téacs. Cuireadh dréacht-chomhaontú a leasaíodh beagán faoi bhráid an Choimisiúin i mí Iúil 2020. Le nóta dar dáta an 9 Aibreán 2021 (a fuair an Coimisiún an 9 Iúil 2021), rinne an Fhrainc soiléiriú breise ar raon feidhme an dréacht-chomhaontaithe agus sholáthair sí leagan nua ina ndearnadh forálacha maidir le feidhmiú ghairm an dlí a scriosadh ón téacs.

Mhínigh an Fhrainc go bhfuil na forálacha a bhaineann le haithint agus forfheidhmiú cinntí, seirbheáil doiciméad agus glacadh fianaise le cur i bhfeidhm freisin maidir le hábhair dlí teaghlaigh, go háirithe colscaradh, scaradh agus neamhniú pósta, freagracht tuismitheora, fuadach leanaí, oibleagáidí cothabhála, cearta maoine de bhua cóngais phósta agus páirtnéireachtaí cláraithe. I gcás na Fraince, bhí tábhacht ar leith ag baint le haitheantas a thabhairt don cholscaradh de chomhthoil. Dhearbhaigh an Fhrainc don Choimisiún gur ráthaíocht é go n-urramófar cearta an duine, comhionannas inscne agus cosaint leanaí é úsáid fhorleathan na heisceachta maidir leis an ord poiblí ag breithiúna na Fraince agus iad ag déileáil le cinntí na hAilgéire.

Chuir an Fhrainc in iúl don Choimisiún freisin na sonraí is déanaí a bhí ar fáil a bhaineann lena dlúthchaidreamh leis an Ailgéir. In 2021, bhí 611 084 shaoránach fásta de chuid na hAilgéire ina gcónaí sa Fhrainc, rud a chiallaíonn gurb iad an comhphobal eachtrannach is mó sa tír. Ní áirítear mionaoisigh, dénáisiúnaigh ná daoine atá ag fanacht go neamhdhleathach sa Fhrainc ar an líon sin. Tá 31 980 náisiúnach de chuid na Fraince ina gcónaí san Ailgéir faoi láthair, de réir na sonraí a cuireadh san áireamh i gcláir na saoránach Francach atá ina gcónaí ar an gcoigríoch. Ó thaobh na heacnamaíochta agus na tráchtála de, is í an Fhrainc an dara comhpháirtí tráchtála is mó atá ag an Ailgéir agus an chéad infheisteoir is mó lasmuigh den earnáil hidreacarbóin.

Agus na sonraí nua a chuir an Fhrainc ar fáil á gcur san áireamh, agus na mínithe a tugadh le linn roinnt cruinnithe teicniúla a tionóladh sa tréimhse 2019-2021, chinn an Coimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an staid.

Ba léir nach dtarlódh aontachas na hAilgéire do na Croíchoinbhinsiúin a d'fhorbair Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach go ceann i bhfad. Chuir an Ailgéir

an méid sin in iúl go soiléir trí *note verbale* dar dáta 14.2.2021 a seoladh chuig an bhFrainc agus a tharchuir an Fhrainc chuig an gCoimisiún.

Go deimhin, d'ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin (Fochoistí tréimhsiúla JLS leis an Ailgéir, ag ar ardaíodh i gcónaí saincheist na hAilgéire ag aontú do Choinbhinsiúin na Háige; rannpháirtíocht na hAilgéire i ngach eagrán de Chlár um Cheartas Eora-Mheánmhara arna maoiniú ag an gCoimisiún) agus HccH (rannpháirtíocht i 'Próiseas Mhálta' a thionscain HCCH, inar míníodh na buntáistí a bhaineann le haontú don chreat iltaobhach), dhiúltaigh an Ailgéir i gcónaí páirt chuiditheach a ghlacadh gan na cúiseanna atá mar bhonn leis an rogha sin a thabhairt.

Ar an taobh eile, níl comhaontú idir an tAontas agus an Ailgéir maidir le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta beartaithe ag an gCoimisiún. Tá beartas an Aontais maidir leis an ábhar sin bunaithe ar an iltaobhachas, ionas go gcruthódh aontachas tríú Stáit don chreat iltaobhach a d'fhorbair HccH é féin creat dlíthiúil coiteann idir an tAontas agus a Bhallstáit ar thaobh amháin agus an Ailgéir ar an taobh eile. Ní fhéadfaí comhaontuithe déthaobhacha idir an tAontas agus tríú tír a bheartú, fiú i gcás ina ndiúltaíonn an tríú tír go seasta aontú do Choinbhinsiúin HccH, ach amháin i gcás inar féidir leas de chuid an Aontais atá láidir go leor a shainaithint bunaithe ar ábharthacht shubstaintiúil an chomhair bhreithiúnaigh leis an tír sin ar fud na mBallstát agus ní hamháin do Bhallstát aonair. Ní hamhlaidh an cás anseo.

Thairis sin, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa chéad chaibidil eile, ní raibh feidhm sa chás seo ag an bhféidearthacht a chuirtear ar fáil le hAirteagal 351 CFAE ná ag údarú faoi Rialacháin 662 agus 664/2009.

Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfaí údarú *ad hoc* don Fhrainc a mheas faoi Airteagal 2 CFAE. Féadfar údarú a thabhairt don Fhrainc comhaontú déthaobhach a chaibidliú (agus a thabhairt chun críche níos déanaí) leis an Ailgéir maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht eachtrach eisiach an Aontais, tar éis breithniú a dhéanamh ar na naisc eisceachtúla lena nasctar an dá thír sin, ar choinníoll nach mbeadh sé sin ina bhacainn ar bheartais an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tuigtear gur bunchloch de bheartas an Aontais i leith tríú tíortha i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus tráchtála é an t-iltaobhachas fós agus nach mór a mheas gur údarú eisceachtúil é an t-údarú sin chun caibidlíocht a dhéanamh, má dheonaíonn an Chomhairle é, agus nach ceart é a mheas mar fhasach ar bhealach ar bith. Níor cheart diúltú tríú Stát aontú do Choinbhinsiúin HccH a mheas mar an t-aon réamhriachtanas le húdarú a dheonú faoi Airteagal 2(1) CFAE, ach ba cheart fianaise ar chás eisceachtúil an chaidrimh atá ag Ballstát le tríú tír ar leith a léiriú go cuí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Faoi Airteagal 351 CFAE, ceadaítear do na Stáit aontacha chuid an Aontas Eorpach comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana in ábhair a thagann faoi inniúlacht eachtrach eisiach an Aontais a athchaibidliú, chun deireadh a chur le haon neamh-chomhoiriúnachtaí idir *acquis* an Aontais agus na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit agus na tríú tíortha sin roimh dháta a n-aontachais. Tá roinnt Ballstát tar éis leas a bhaint as an Airteagal sin cheana féin chun comhaontuithe cúnaimh dhlíthiúil a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála le tríú tíortha a thabhairt cothrom le dáta agus coinníodh an Coimisiún ar an eolas faoin bpróiseas sin. Mar sin féin, le foclaíocht Airteagal 351 CFAE, ní cheadaítear do na Ballstáit ar bunaitheoirí Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa iad na comhaontuithe a tugadh i gcrích tar éis an 1 Eanáir 1958 a

thabhairt cothrom le dáta. Dá bhrí sin, an fhéidearthacht comhaontuithe déthaobhacha le tríú tíortha a athchaibidliú d'fhonn iad a ailíniú leis an *acquis*, coisctear na Ballstáit sin, lena n-áirítear an Fhrainc, a bhfuil a gcomhaontuithe le hathchaibidliú ó 1962, 1964 agus 1980[4].

Maolaíodh an staid sin beagán nuair a glacadh Rialachán (CE) Uimh. 662/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 664/2009 ón gComhairle, lena gceadaítear do na Ballstáit, mar eisceacht agus faoi choinníollacha dochta, comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích in ábhair áirithe a bhaineann le hinniúlacht eisiach an Aontais. Mar sin féin, tá raon feidhme an dá Rialachán sin an-chúng agus ní féidir leis roinnt ábhar a ndéileáiltear leo i ndréacht-chomhaontú na Fraince-na hAilgéire a chumhdach. Is de chineál eisceachtúil iad na Rialacháin go deimhin agus ba cheart iad a léirmhíniú ar bhealach sriantach.

Sa chomhthéacs sin, seo a leanas Airteagal 2, mír 1 CFAE: *'Nuair a dhéanfar inniúlacht eisiach i réimse sonrach a thabhairt don Aontas leis na Conarthaí, is é an tAontas amháin a fhéadfaidh reachtú agus gníomhartha a ghlacadh a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí, gan na Ballstáit a bheith in ann gníomhú amhlaidh ach amháin má chumhachtaíonn an tAontas amhlaidh iad nó chun gníomhartha an Aontais a chur chun feidhme'*.

Mar a mheabhraítear thuas, d'fhéadfaí an fhoráil sin a úsáid chun cumhacht a thabhairt don Fhrainc tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Ailgéir. Tá conclúidí 2019 ón gComhairle maidir le todhchaí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta[5] oscailte don fhéidearthacht sin, lena meabhraítear '*go bhfuil cur chuige iltaobhach ina ghné riachtanach freisin i réimse an cheartais shibhialta(...)I gcásanna áirithe nuair nach rogha é an comhar iltaobhach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún rogha mhalartach éifeachtach a sholáthar chun freastal ar riachtanais na saoránach agus na gcuideachtaí'*.

Ós rud é go spreagfaidh *acquis* an Aontais agus Coinbhinsiúin HccH an comhaontú a bheidh ann amach anseo, d'fhéadfadh an chaibidlíocht ghaolmhar rannchuidiú le feasacht na hAilgéire a mhúscailt maidir leis na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le haontú don chreat iltaobhach

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is comhpháirtí an-tábhachtach don Eoraip í an Ailgéir, mar gheall ar a gaire atá sé agus a méid, a ról cobhsaíochta sa réigiún agus ar mhór-roinn na hAfraice, agus thar aon ní eile mar gheall ar na dlúthnaisc atá ann idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Ailgéir le fada an lá.

Comhoibríonn an tAontas Eorpach leis an Ailgéir faoi chuimsiú Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus diminsean an deiscirt de, an 'Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt – Clár Oibre nua don Mheánmhuir'[6]. Tá an caidreamh idir an tAontas agus an Ailgéir bunaithe ar an gComhaontú Comhlachais, a tháinig i bhfeidhm in 2005. Is é sin an creat dlíthiúil lena rialaítear an caidreamh idir na páirtithe i gcúrsaí eacnamaíocha, tráchtála, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha. Chuir sé ar chumas na hAilgéire agus an Aontais dea-

4 Maidir le léirmhíniú Airteagal 351 CFAE, féach Cás C-435/22 PPU, míreanna 115-126, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/TXT/?uri=CELEX:62022CJ0435

5 IO C 419, 12.12.2019

6 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt Clár Oibre nua don Mheánmhuir, https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/joint_communication_renewed_partnership_southern_neighbourhood.pdf

chaidreamh a chothú trí dhlúthchomhar teicniúil maidir le haiseanna éagsúla an chomhaontaithe.

I ndáil le comhar sibhialta breithiúnach, déantar tagairt in Airteagal 85 maidir le comhar dlíthiúil agus breithiúnach do chúnamh frithpháirteach a neartú maidir le comhar i ndáil le díospóidí nó cásanna de chineál sibhialta, tráchtála nó teaghlaigh a láimhseáil. Féadfar a áireamh sa chomhar sin, i gcás inarb iomchuí, comhaontuithe a chaibidliú.

Ceadaítear do na Ballstáit comhaontuithe déthaobhacha le tríú tíortha a athchaibidliú i réimsí eile de bheartais an Aontais, trí shásra sonrach nó trí chumhachtú arna dheonú faoi Airteagal 2(1) CFAE, den chuid is mó in ábhair theicniúla a bhaineann le hiompar. Mar shampla, le Rialachán (CE) 847/2004[7], leagtar amach treoirlínte maidir le comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí atá ann cheana a oiriúnú ag na Ballstáit agus critéir chun comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích amach anseo; bunaíodh leis freisin nós imeachta sonrach um an údarú.

Úsáideadh an nós imeachta cumhachtaithe faoi Airteagal 2(1) CFAE le déanaí i gcúrsaí iompair, mar shampla i gcomhthéacs comhaontaithe idir an Iodáil agus an Eilvéis[8] agus comhaontú eile idir an Ghearmáin agus an Eilvéis[9].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagal 2(1) CFAE agus Airteagal 81(3) CFAE bunús dlí an togra seo, ós rud é go bhfuil sé beartaithe leis an togra seo aghaidh a thabhairt ar fhorálacha an dréacht-chomhaontaithe idir an Fhrainc agus an Ailgéir a thagraíonn do chomhar breithiúnach in ábhair dlí teaghlaigh, cé is moite d'ábhair shibhialta agus thráchtála, a mheastar i dtionscnamh comhthreomhar.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl sé infheidhme toisc go dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Is é cuspóir an togra údarú a thabhairt, de bhun Airteagal 2(1) CFAE, comhaontú déthaobhach a chaibidliú idir an Fhrainc agus an Ailgéir maidir le hábhair a bhaineann le comhar

---

7 Rialachán (CE) Uimh. 847/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhaontuithe maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chaibidliú agus a chur chun feidhme, IO L 157, 30.4.2004, lgh. 7–17; Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 847/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhaontuithe maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chaibidliú agus a chur chun feidhme (*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* L 195, 02/06/2004, lgh. 3-6)

8 Cinneadh (AE) 2020/854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 lena dtugtar de chumhacht don Iodáil comhaontú a chaibidil agus a thabhairt i gcrích leis an Eilvéis lena n-údaraítear oibríochtaí cabatáiste le linn seirbhísí iompair idirnáisiúnta de bhóthar do phaisinéirí ar chóiste agus ar bhus a bheith á soláthar i réigiúin teorann an dá thír, *IO L 198, 22.6.2020, lgh. 47–48*

9 Cinneadh (AE) 2020/853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 lena dtugtar de chumhacht don Ghearmáin an comhaontú déthaobhach um iompar de bhóthar atá aici leis an Eilvéis a leasú d'fhonn oibríochtaí cabatáiste a údarú le linn seirbhísí iompair idirnáisiúnta de bhóthar do phaisinéirí ar chóiste agus ar bhus a bheith á soláthar sna réigiúin teorann idir an dá thír, *IO L 198, 22.6.2020, lgh. 44–46.*

breithiúnach in ábhair dlí teaghlaigh, a thagann faoi inniúlacht eachtrach eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, ní théann an Cinneadh ón gComhairle atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun an chuspóir sin a ghnóthú.

Mar a mhínítear thuas, is é an t-aon rogha atá i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ar fáil agus le beartas an Aontais maidir le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta, atá bunaithe ar an iltaobhachas agus nach bhforáiltear leis go ndéanfar caibidlíocht ar chomhaontú idir an tAontas agus an Ailgéir maidir leis an ábhar sin, údarú don Fhrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir.

- **An rogha ionstraime**

Ba cheart do reachtóir an Aontais cumhachtú faoi Airteagal 2(1) CFAE a dheonú, i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach dá dtagraítear in Airteagal 81 (3) CFAE. An gníomh atá molta, ar cumhachtú aonair é de bharr a chineáil, tá sé le glacadh mar fhreagra ar iarraidh chomhfhreagrach a rinne an Fhrainc. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith i bhfoirm chinnte, dírithe ar an bhFrainc. Dá réir sin, is éard atá sa Chinneadh ón gComhairle atá beartaithe ionstraim atá leordhóthanach chun é a thabhairt de chumhacht don Fhrainc, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) CFAE, gníomhú maidir leis an ábhar seo.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Fhrainc agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar ag an togra seo ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá sé beartaithe súil ghéar a choinneáil ar fhorbairt na caibidlíochta idir an Fhrainc agus an Ailgéir ionas go mbeidh an tionchar íosta ag an gcomhaontú deiridh ar an *acquis*. Chuige sin, beidh an Coimisiún rannpháirteach mar bhreathnóir sa chaibidlíocht agus coinneofar ar an eolas é maidir leis an dul chun cinn agus na torthaí le linn chéimeanna éagsúla na caibidlíochta. Tuairisceoidh an Fhrainc agus an Coimisiún don Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta de réir mar is iomchuí. Ba cheart roinnt treoracha caibidlíochta a eisiúint leis an gCinneadh ón gComhairle.

2023/0027 (CNS)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le húdarú atá dírithe ar an bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair dlí teaghlaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[10],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí litir an 8 Nollaig 2016 d'iarr an Fhrainc ar an gCoimisiún í a bheith údaraithe chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála. Ba é an aidhm a bhí ann nuachóiriú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar na trí chomhaontú dhéthaobhacha a bhí ann cheana, 1962, 1964 agus 1980, atá i bhfeidhm faoi láthair.

(2) Sholáthair an Fhrainc faisnéis a léiríonn go bhfuil leas ar leith aici sa dréacht-chomhaontú a tarchuireadh chuig an gCoimisiún a chaibidliú, mar gheall ar na naisc eisceachtúla eacnamaíocha, chultúrtha, stairiúla, shóisialta agus pholaitiúla idir an Fhrainc agus an Ailgéir.

(3) Go háirithe, chuir an Fhrainc sonraí ar fáil maidir leis an líon ard saoránach de chuid na hAilgéire atá ina gcónaí ar a críoch agus an líon saoránach de chuid na Fraince atá ina gcónaí san Ailgéir agus maidir leis an tábhacht shonrach a bhaineann le malartuithe tráchtála idir an dá thír.

(4) Is ar an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile[11] a tháinig i bhfeidhm in 2005, atá an caidreamh idir an tAontas agus an Ailgéir bunaithe. Is é sin an creat dlíthiúil lena rialaítear an caidreamh idir na páirtithe i gcúrsaí eacnamaíocha, tráchtála, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha.

(5) Sonraítear in Airteagal 85 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara go bhfuil comhar sna réimsí dlíthiúla agus breithiúnacha fíor-riachtanach agus ina ghné chúnta riachtanach i dtaca leis na cineálacha eile comhair idir an tAontas agus an Ailgéir agus go bhféadfar caibidlíocht comhaontuithe sna réimsí sin a áireamh sa chomhar sin, i gcás inarb iomchuí.

---

[10] IO C , , lch. .

[11] An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, IO L 265, 10.10.2005, lgh. 1–228

(6) Tá caidreamh an Aontais le tríú tíortha in ábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála ag brath ar an gcreat dlíthiúil a d'fhorbair Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach, i gcomhréir le prionsabal an iltaobhachais. Mar sin féin, ní Comhalta í an Ailgéir de Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach agus go dtí seo dhiúltaigh sí aontú dá Croíchoinbhinsiúin.

(7) Dá ainneoin sin, is cosúil gur spreag an córas a bunaíodh le Coinbhinsiúin na Háige agus reachtaíocht an Aontais a glacadh maidir leis na hábhair chéanna an dréacht-chomhaontú den chuid is mó.

(8) Bíonn tionchar ag an gcuid is mó de na hábhair a ndéileálfar leo sa dréacht-chomhaontú idir an Fhrainc agus an Ailgéir ar *acquis* an Aontais, go háirithe reachtaíocht an Aontais maidir le hábhair dlí teaghlaigh. Dá réir sin, tagann na hábhair a chumhdaítear leis na gealltanais idirnáisiúnta sin faoi inniúlacht eachtrach eisiach an Aontais. Ní fhéadfaidh na Ballstáit gealltanais den sórt sin a chaibidliú ná a ghlacadh orthu féin ach amháin má thugann an tAontas de chumhacht dóibh déanamh amhlaidh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhar le bunús dlí substainteach Airteagal 81(3) CFAE.

(9) I ngeall ar inniúlacht an Aontais maidir leis an gcuid is mó de na hábhair, ba cheart don Fhrainc tuairisc rialta a thabhairt don Choimisiún maidir le seoladh na caibidlíochta. Coinneoidh an Fhrainc agus an Coimisiún araon an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta ar an eolas maidir le forbairtí go tráthrialta.

(10) Níl aon chosúlacht ann go mbeadh tionchar diúltach ag an gcomhaontú a bheidh ann amach anseo ar an *acquis*. Is iomchuí, áfach, foráil a dhéanamh maidir le treoracha caibidlíochta lena n-áiritheofar go n-íoslaghdófar an baol go mbeidh éifeachtaí diúltacha den sórt sin ann.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, tugtar de chumhacht don Fhrainc comhaontú a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a bhaineann leis an dlí teaghlaigh, ar choinníoll go leanfar na treoirlínte caibidlíochta seo a leanas:

– an Ailgéir a chur ar an eolas go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach páirt sa chaibidlíocht mar bhreathnóir agus go gcuirfear ar an eolas é maidir le haon dul chun cinn agus toradh a bhainfear amach le linn chéimeanna éagsúla na caibidlíochta;

– an Ailgéir a spreagadh chun machnamh a dhéanamh aontú do na Croíchoinbhinsiúin a bhaineann leis an dlí teaghlaigh a d'fhorbair Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach agus tús a chur le diananailís ar na cúiseanna a chuir cosc ar an Ailgéir déanamh amhlaidh go dtí seo;

– an Ailgéir a chur ar an eolas go bhfuil údarú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag teastáil, tar éis na caibidlíochta a thabhairt i gcrích, sula gceadófar do na Páirtithe an comhaontú a thabhairt i gcrích;

– an Ailgéir a chur ar an eolas go bhféadfar foráil a dhéanamh leis an údarú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun an comhaontú a thabhairt i gcrích, tar éis togra ón gCoimisiún, go bhféadfadh bailíocht theoranta ama (mar shampla, 5 bliana) a bheith ag gabháil leis an gcomhaontú agus go bhféadfadh sé gur ghá athbhreithniú a dhéanamh air ina dhiaidh sin;

– foráil a chur isteach nach féidir na cinntí a aithnítear sa Fhrainc faoin gcomhaontú seo a scaipeadh ina dhiaidh sin i mBallstáit eile an Aontais;

– a áirithiú go ndéanfar na forálacha a bhaineann leis an gceart chun seirbheáil doiciméad a dhiúltú a ailíniú le forálacha Airteagal 12(3) den Rialachán athmhúnlaithe maidir le Doiciméid a Sheirbheáil, rud a chiallaíonn go bhféadfaidh an seolaí seirbheáil doiciméad a dhiúltú tráth na seirbheála nó laistigh de choicís ó thráth na seirbheála;

– an Ailgéir a chur ar an eolas go bhféadfadh sé go mbeadh gá le treoracha caibidlíochta eile in am trátha, ag brath ar fhorbairt na caibidlíochta.

*Airteagal 2*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gCoimisiún.

Tuairisceoidh an Fhrainc go tráthrialta don Choimisiún maidir leis na bearta a rinneadh de bhun an Chinnidh seo agus rachaidh sí i gcomhairle leis go tráthrialta.

Arna iarraidh sin don Choimisiún, tabharfaidh an Fhrainc tuairisc i scríbhinn dó ar sheoladh agus ar thoradh na caibidlíochta.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo ar Phoblacht na Fraince.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*